| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad is ainm duit? | What's your name? |
| | Is mise *<u>Séamas</u>*. | I'm *<u>James</u>*. |
| | Dia duit, a *<u>Shéamais</u>*. | Hi *<u>James</u>*. |
| **2.** | A *<u>Shéamais</u>*! | *<u>James</u>*! |
| | Sea? | Yes? |
| **3.** | Conas atá tú? | How are you? |
| | Tá mé go maith. | I'm fine. |
| | Tá mé go breá. | I'm great. |
| | Tá mé go hiontach. | I'm wonderful. |
| | Tá mé ar fheabhas. | I'm excellent. |
| | Tá mé ceart go leor. | I'm ok. |
| | Go raibh maith agat. | Thank you. |
| | Buíochas le Dia. | Thank God. |
| **4.** | Agus tú féin? | And yourself? |
| | Tá mé go dona. | I'm doing badly. |
| | Tá mé tinn. | I'm ill. |
| | Tá mé tuirseach. | I'm tired. |
| **5.** | Cad atá ort? | What's wrong with you? |
| | Tá tuirse orm. | I'm tired. |
| | Tá ocras orm. | I'm hungry. |
| | Tá tart orm. | I'm thirsty. |
| | Tá slaghdán orm. | I have a cold. |
| | Tá an fliú orm. | I have the flu. |
| | Tá tinneas cinn orm. | I have a headache. |
| | Tá tinneas fiacaile orm. | I have a toothache. |
| | Tá brón orm. | I'm sorry. |
| | Tá biseach orm. | I'm better. |
| **6.** | Bhuel, caithfidh mé imeacht. | Well, I've got to go. |
| | Slán agat / agaibh. | Goodbye (as you leave someone). |
| | Slán leat / libh. | Goodbye (to someone leaving). |

**Comhrá 1**

S: Dia duit.  Is mise *Síle*.
Cad is ainm duit?
D: Dia is Muire duit, a *Shíle*.
Is mise *Dáithí*.

**Conversation 1**

Hello.  I'm *Sheila*.
What's your name?
Hello, *Sheila*.
I'm *David*.

**Comhrá 2**

T: Dia duit, a *Mháire*.
M: Dia is Muire duit, a *Thomáis*.
T: Conas atá tú?
M: Tá mé go maith, go raibh maith agat.

**Conversation 2**

Hello, *Mary*.
Hello, *Tom*.
How are you?
I'm fine, thanks.

**Comhrá 3**

C: Dia duit, a *Shéamais*.
S: Dia is Muire duit, a *Chaitlín*.
C: Conas atá tú?
S: Tá mé go dona.
C: Cad atá ort?
S: Tá tinneas fiacaile orm.
C: Tá brón orm.
S: Bhuel, caithfidh mé imeacht.
C: Slán, a *Shéamais*.
S: Slán go fóil, a *Chaitlín*.

**Conversation 3**

Hello, *Jim*.
Hello, *Kathleen*.
How are you?
I'm doing badly.
What's wrong with you?
I have a toothache.
I'm sorry.
Well, I've got to go.
Goodbye, *Jim*.
Goodbye for now, *Kathleen*.

**Comhrá 4**

M: Dia daoibh. Is mise *Mícheál*.
D: Dia is Muire duit, a *Mhíchíl*.
Is mise *Deirdre*.
M: Agus cad is ainm duitse?
B: Is mise *Bríd*.
Conas atá tú, a *Mhíchíl*?
M: Tá mé ar fheabhas, buíochas le Dia.
Conas atá tú féin, a *Bhríd*?
B: Tá mise go maith, ach tá *Deirdre* tinn.
D: Tá slaghdán agus tinneas cinn orm.
M: Slán agaibh.
D: Slán leat.

**Conversation 4**

Hello, I'm *Michael*.
Hello, *Michael*.
I'm *Deirdre*.
And what's your name?
I'm *Bridget*.
How are you, *Michael*?
I'm excellent, thank God.
How are you yourself, *Bridget*?
I'm fine, but *Deirdre's* sick.
I have a cold and headache.
Goodbye.
Goodbye.